

# An Nollaig

Oíche Nollag bhí **coinneal** ar lasadh san fhuinneog. Chuaigh Daidí, Liam agus Nóra ar **Aifreann Meán-Oíche.** Chuir Tomás stoca **ar crocadh** ag bun na leapa, agus chuaigh sé a chodladh go luath. Bhí sé **ag súil** go mór le cuairt Shan Nioclás. **Maidin Lae Nollag** bhí na páistí ina suí go luath. Bhí **lúcháir** orthu nuair a chonaic siad na **féiríní** go léir. Fuair Mamaí **buidéal cumhráin** agus bhí áthas uirthi. Fuair Daidí píopa nua agus tobac. Raidió láimhe a bhí i stoca Nóra agus fuair Liam agus Tomás liathróid pheile agus bróga peile. Chuaigh Mamaí agus Tomás ar Aifreann ag a deich a chlog.

Bhí an **cór** ag canadh **carúl Nollag** i rith an Aifrinn. Nuair a d'fhill sí ón séipéal thosaigh Mamaí ag ullmhú an dinnéir. Chuir sí an **turcaí** isteach san oigheann chun é a **róstadh.** D'ullmhaigh sí na **glasraí** ansin. Nuair a bhí an béile ullamh shuigh siad go léir chun boird. D'ith siad go léir a ndóthain. B'fhéidir gur ith Liam agus Tomás an **iomarca.** Bhí **fíon** ar an mbord agus ní foláir nó gur ól Daidí an iomarca. Tar éis an dinnéir shuigh an chlann sa seomra suite. Chaith siad an tráthnóna ag féachaint ar na **cláracha teilifíse.**

**Lá 'le Stiofáin** chuir Liam **aghaidh fidil** air féin agus chuir Tomás **snasán** dubh ar a aghaidh. D'imigh siad ó theach go teach ag bailiú airgid don **dreoilín.**

### Féile na Nollag:

Oíche Nollag 24ú lá de mhí na Nollag.
Lá Nollag 25ú lá de mhí na Nollag.
Lá 'le Stiofáin (nó
Lá an Dreoilín) 26ú lá de mhí na Nollag.
Oíche Choille 31ú lá de mhí na Nollag.
Oíche Chinn Bhliana nó
Lá Coille 1ú lá d'Eanáir.
Nollaig na mBan 6ú lá d'Eanáir.

### A. Foclóir

**ag súil le,** expecting, looking forward to
**buidéal cumhráin,** bottle of perfume
**cór,** choir
**glasraí,** vegetables
**an iomarca,** too much
**fíon,** wine

### B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cad a bhí san fhuinneog Oíche Nollag?
   — pictiúir de na naoimh.
   — bréagáin na bpáistí.
   — coinneal ar lasadh.
2. Cén fáth a ndeachaigh Tomás a chodladh go luath?
   — Bhí tuirse air.
   — Bhí sé ag súil le cuairt Shan Nioclás.
   — Bhí slaghdán air.
3. Cén fáth a raibh áthas ar Mhamaí?
   — mar fuair sí buidéal cumhráin.
   — mar cheannaigh sí gúna nua.
   — mar fuair sí bronntanas ó na páistí.

### C. Criochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. Chuaigh Daidí, Liam agus Nóra ar - -.
2. Chuir Tomás stoca ar crocadh ag - - -.
3. Bhí lúcháir ar na páistí nuair a chonaic siad - -.
4. Fuair Daidí - agus -.
5. Bhí an cór ag canadh - -.

### D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:

liathróid pheile, oigheann, fíon, an iomarca, snasán, seomra suite.

### E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh lúcháir ar na páistí Maidin Lae Nollag?
2. Cad a fuair na páistí don Nollaig?
3. Cad a rinne Mamaí nuair a d'fhill sí ón séipéal?
4. Cén fáth ar chuir sí an turcaí san oigheann?
5. Cár chuala siad an cór ag canadh carúl Nollag?
6. Cad a rinne an chlann tar éis an dinnéir?
7. Ar bhain Daidí taitneamh as an dinnéar Lá Nollag? Cá bhfios duit?
8. Cén fáth ar chuir Tomás snasán ar a aghaidh?
9. Cathain a chuaigh siad amach ag bailiú airgid?

### Gramadach 12

1. 'Bhí lúcháir orthu.'
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse.)
2. D'ith **siad** go léir **a** ndóthain.
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse.)
3. **Scéal**
   Béarfaidh Síle ar a rothar amárach. Rachaidh sí ag rothaíocht faoin tuath. Feicfidh sí coinín ar thaobh an bhóthair. Cloisfidh sí Clog an Aingil á bhualadh. Gheobhaidh sí dhá úll i siopa ar thaobh an bhóthair.
   Tabharfaidh sí ceann amháin dá cara.
   Déarfaidh sí léi é a ithe. Íosfaidh sí féin an t-úll eile. Tiocfaidh sí abhaile um thráthnóna. Déanfaidh sí obair dá Mamaí.
   Beidh sí sásta léi féin.

   ***Scríobh an scéal ag tosú mar seo:***
   Béarfaidh mé ar mo rothar amárach .....